

B'fhéidir go mbeadh roinnte **scafall** ag teastáil chun tacaíocht a thabhairt do na daltaí atá deacracht acu. Mar shampla, b'fhéidir go thugfadh roinnt daltaí buille faoi thuairim nó meastachán ar an áit. Is straitéis úsáideach ná meastachán ach tá cruinneas ag teastáil againn anseo. Fiú amháin ag baint úsáid as Geogebra, bheadh sé seo deacair. Caithfimid iad a bhogadh ar aghaidh ar mhodh eile ach is féidir leo a meastachán a scríobh síos chun comparáid a dhéanamh orthu.

B'fhéidir go gcaithfimid tagairt a dhéanamh dár réamheolas:
Cad atá i gceist againn le féaráilte? (Táimid ag spreagadh iad le haghaidh comhfhadach).
An féidir leat an pointe is féaráilte a aimsiú idir an dá phubaill. (Tá tuiscint ar lárphointe le teastáil).

Conas is féidir linn an pointe is féaráilte idir na trí phubaill a aimsiú? (Caithfidh said tuiscint ar *déroinnteoir ingearach mírlíne a úsáid*)

B'fhéidir go mbeadh **leathnaithe** eile ag teastáil le roinnt de na daltaí chun suim a choinneáil iontu leis an tasc agus feicimid ar na cineálacha leathnaithe d'fhéadfá úsáid níos déanaí.

I rith an ceacht beo, is féidir leis an múinteoir na réitigh éagsúla a cur le chéile, teaspáin an príomhsmoineamh le GeoGebra agus úsáid é seo mar ardán chun an coincheap nua a thabhairt isteach.

Oscail comhad GGB: <https://www.geogebra.org/classic/pgwk8srm>

Réiteach:

Déan mírlíní idir gach pointe
Tóg na déroinnteoirí ingearach
Faigh an pointe trasnaithe.

Anois is féidir linn comhad réiteach a roinnt lenár daltaí ionas gur féidir leo imscrúdú a dhéanamh ar na hairionna.

Oscail: <https://www.geogebra.org/classic/fn6gtfyf>

Conas is féidir linn a chinntiú gurb é an áit is féaráilte é? An féidir linn seiceál a dhéanamh ar na bhfaid go gach críochphointe.

Cad a tharlóidh má thosnóimís lenár bpubaill in áiteanna difriúil?

Nuair a bhogaimid na trí pubaill, is féidir le na daltaí an imlár a fheiceáil ag bogadh go dtí áit nua, is féidir leo a lán samplaí a fheiceáil ar GeoGebra.

Is féidir linn an t-imscrúdú a bhogadh ar aghaidh ansin, b'fhéidir le tasc obair bhaile, ag cur ceist oscailte orthu, mar shampla "Cad iad na cúinsí nach mbeadh áit an tine oiriúnach?"

Má bhogfaidís na pointí b'fhéidir go mbeadh sé soléir do na daltaí go mbíonn an tine rófhada ó na gasóga uaireanta le bheith úsáideach. Cathain a tharlíonn é seo? Nuair is triantán maol é. Nílimid ag insint é seo dóibh ionas gurb is féidir leo an eolas seo a fháil amach iad féin.